Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2016

13324/16

**Comhad Idirinstitiúideach: 2016/0130 (COD)**

**SOC 625**
**EMPL 422**
**SAN 354**
**IA 90**
**CODEC 1449**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Na Toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12883/16 SOC 590 EMPL 392 SAN 346 IA 81 CODEC 1381 |
| Uimh. an togra ón gCoim.: | ST 8962/16 SOC 255 EMPL 158 SAN 187 IA 23 CODEC 666 ADD 1 - ADD 3 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2004/37/EC ar chosaint oibrithe ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair |

I gceangal leis seo, gheobhaidh na toscaireachtaí téacs na Treorach thuas, ar tháinig an Chomhairle (EPSCO) ar chur chuige ginearálta ina leith ag an seisiún a bhí aici ar an 13 Deireadh Fómhair 2016.

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 2004/37/CE ar chosaint oibrithe ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe Airteagal 153(2)(b), i gcomhar le hAirteagal 153(1)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún,[2]

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

---

[1] IO C , , lch.

[2] IO C , , lch.

(1) Is é is aidhm do Threoir 2004/37/CE oibrithe a chosaint ar rioscaí dá sláinte agus dá sábháilteacht as nochtadh do charcanaiginí nó só-ghineacha ar an láthair oibre. Sa Treoir sin, déantar foráil maidir le leibhéal comhsheasmhach cosanta ar na rioscaí a bhaineann le carcanaiginí nó só-ghineacha i gcreat na bprionsabal ginearálta ionas gur féidir leis na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm na ceanglais íosta sin go comhsheasmhach. I dtaca leis na socruithe ginearálta maidir le cosaint oibrithe a bunaíodh faoin Treoir sin, is gnéithe tábhachtacha díobh sin na teorainnluachanna ceangailteacha um nochtadh ag an obair a bunaíodh de réir na faisnéise infhaighte, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla.

(1a) Is cuid de na bearta bainistithe riosca atá i dTreoir 2004/37/CE na teorainnluachanna céanna sin um nochtadh ag an obair. Beidh comhlíonadh na dteorainnluachanna sin gan dochar do na ceanglais eile a leagfar ar fhostóirí de bhun na Treorach sin, go háirithe a mhéid a bhaineann le laghdú ar úsáid carcanaiginí nó só-ghineacha ar an láthair oibre, nochtadh na n-oibrithe do charcanaiginí nó só-ghineacha a chosc nó a laghdú, agus le bearta is ceart a chur chun feidhme chun na críche sin. Ach é a bheith indéanta go teicniúil, is ceart a áireamh ar na bearta sin athsholáthar na carcanaigine nó an tsó-ghinigh ag substaint, meascán nó ag próiseáil nach contúirteach nó is lú contúirt do shláinte na n-oibrithe, úsáid córais dhúnta, nó bearta eile darb aidhm leibhéal an nochta a laghdú do na hoibrithe.

(1b) I dtaca le formhór na gcarcanaiginí nó na só-ghineach, ní hindéanta ag an eolaíocht leibhéil an nochta a leagan síos ar leibhéal is ísle ná an leibhéal sin nár shiocair le héifeachtaí díobhálacha. Bíodh is nach féidir na rioscaí do shláinte agus sábháilteacht na n-oibrithe as nochtadh do charcanaiginí nó só-ghineacha ag an obair (i.e. riosca iarmhair) a dhíscíú trí theorainnluachanna a leagan síos don láthair oibre de bhun na Treorach seo, ní beag an cúnamh sin, mar sin féin, mar go laghdaítear go mór na rioscaí a eascraíonn ó nochtadh dá leithéid sin, a bhuí leis an gcur chuige cuspóir-dhírithe agus an tslí chéimnithe a leagtar síos i dTreoir 2004/37/CE. I dtaca le carcanaiginí agus só-ghineacha eile, ní hindéanta ag an eolaíocht leibhéil an nochta a shainaithint ar leibhéal is ísle ná an leibhéal nár dhóigh dó bheith ina shiocair le héifeachtaí díobhálacha.

(1c) I dtaca le huasleibhéil an nochta ag na hoibrithe do charcanaiginí nó só-ghineacha, is le teorainnluachanna a bhunaítear iad agus, de bhun Treoir 2004/37/CE, ní ceadmhach na teorainnluachanna sin a shárú. Is ceart na teorainnluachanna sin a athbhreithniú agus teorainnluachanna a leagan síos maidir le carcanaiginí agus só-ghineacha breise.

(2) Is de réir na fianaise infhaighte, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, is ceart athbhreithniú a dhéanamh, nuair is gá sin, ar na teorainnluachanna a leagtar síos sa Treoir seo. Is ceart a áireamh ar an bhfaisnéis sin, más féidir, sonraí maidir le rioscaí iarmhair do shláinte na n-oibrithe agus na tuairimí a fuarthas ón gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair. I dtaca le faisnéis a bhaineann le riosca iarmhair agus a chuirtear ar fáil go poiblí ar leibhéal an Aontais, ní beag an éadáil sin i ndáil lena ndéanfar amach anseo ar mhaithe le teorainn a chur leis na rioscaí a eascraíonn ón nochtadh do charcanaiginí nó só-ghineacha, lena n-áirítear aon athbhreithniú a dhéanfar feasta ar theorainnluachanna na Treorach seo.

(3) Is gá breithniú a dhéanamh ar chonairí ionsúcháin eile i gcás carcanaiginí nó do shubstaintí só-ghineacha áirithe, lena n-áirítear go bhféadfaidís dul tríd an gcraiceann, chun an leibhéal cosanta féideartha is fearr a áirithiú.

(4) Cuidíonn an Coiste Eolaíoch um Theorainneacha Nochta Ceirde ('an Coiste') leis an gCoimisiún, go háirithe, leis na sonraí eolaíocha is nuaí dá bhfuil ar fáil a mheas, agus le teorainneacha um nochtadh ag an obair a mholadh ar mhaithe le hoibrithe a chosaint ar rioscaí ceimiceacha, lena leagan síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh de bhun Threoir 98/24/CE[3] ón gComhairle agus de bhun Threoir 2004/37/CE. I gcás na n-oibreán ceimiceach *o*-tolúidín agus 2-nitreaprópán, ní raibh aon mholadh ón gCoiste ar fáil agus cuireadh san áireamh foinsí eile faisnéise eolaíche, ar foinsí iad atá san fhearann poiblí agus ar leordhóthain a stóinseacht.[4,5]

**3** Treoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh d'oibreáin cheimiceacha ag an obair (An ceathrú Treoir déag aonair de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 131, 05.05.1998, lch. 11).

**4** http://monographs.iarc.fr/ENG/Monographs/vol77/mono77-11.pdf
http://monographs.iarc.fr/ENG/Monographs/vol99/mono99-15.pdf and
http://monographs.iarc.fr/ENG/Monographs/vol100F/mono100F-11.pdf

**5** http://monographs.iarc.fr/ENG/Monographs/vol1-42/mono29.pdf and
http://monographs.iarc.fr/ENG/Monographs/vol71/mono71-49.pdf

(5) Tá dóthain fianaise ann maidir le carcanaigineacht an deannaigh silice chriostalta inanálaithe. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, ba cheart teorainnluach a bhunú le haghaidh deannach silice criostalta inanálaithe. Níl deannach silice criostalta inanálaithe a ghintear trí phróiseas oibre faoi réir aicmiú i gcomhréir le Rialachán (EC) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.[6] Is iomchuí, dá bhrí sin, obair lena mbaineann nochtadh do dheannach silice criostalta inanálaithe a ghintear trí phróiseas oibre a chur san áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/37/CE agus teorainnluach a bhunú le haghaidh deannach silice criostalta inanálaithe ('codán inanálaithe').

(6) D'fhonn bearta rialála a chomhlánú agus go háirithe d'fhonn tacú le cur chun feidhme éifeachtach na dteorainnluachanna, is ionstraimí luachmhara iad treoirlínte agus samplaí de dhea-chleachtais a chuireann an Coimisiún, na Ballstáit agus comhpháirtithe sóisialta ar fáil, mar aon le tionscnaimh eile amhail an tIdirphlé Sóisialta dar teideal "Agreement on Workers' Health Protection Through the Good Handling and Use of Crystalline Silica and Products Containing it" (NEPSi) (An Comhaontú maidir le Cosaint Sláinte Oibrithe Trí Dhea-láimhseáil agus Úsáid silice criostalta agus Táirgí ina bhfuil siad). Áirítear orthu sin bearta chun an nochtadh a chosc nó a íoslaghdú amhail sochtadh le cúnamh ó uisce chun deannach a chosc ó dhul san aer i gcás deannach silice criostalta.

(7) Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na teorainnluachanna a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE do chlóireitiléin agus do dheannaigh chrua-adhmaid, i bhfianaise sonraí eolaíocha agus teicniúla níos nuaí.

(8) Sásaíonn 1,2-eapocsaprópán na critéir lena chur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin é de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, is féidir leibhéal nochta a shainaithint nach mbeifear ag súil le héifeachtaí díobhálacha i gcás nochtadh do charcanaigin ar leibhéal atá faoina bhun. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainnluach den sórt sin a bhunú do 1,2-eapocsaprópán.

---

6 Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 ar aicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

(9) Sásaíonn 1,3-bútaidhé-éin na critéir lena cur in aicme charcanaigineach (catagóir 1A) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus dá bhrí sin, is carcanaigin í de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, is féidir teorainnluach a leagan síos don charcanaigin sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainnluach a bhunú do 1,3-bútaidhé-éin.

(10) Sásaíonn 2-nitreaprópán na critéir lena chur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin é de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, is féidir teorainnluach a leagan síos don charcanaigin sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainnluach a bhunú do 2-nitreaprópán.

(11) Sásaíonn aicriolaimíd na critéir lena cur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus dá bhrí sin, is carcanaigin í de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, is féidir teorainnluach a leagan síos d'aicriolaimíd. Shainaithnin an Coiste an fhéidearthacht go dtarlódh tógáil shuntasach tríd an gcraiceann i gcás aicriolaimíde. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainnluach a bhunú d'aicriolaimíd agus nodaireacht a shannadh di ina léireofar an fhéidearthacht maidir le tógáil shuntasach dheirmeach.

(12) Sásaíonn comhdhúile áirithe de chuid cróimiam (VI) na critéir lena gcur in aicme charcanaigineach chatagóir 1A nó 1B i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaiginí iad de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, is féidir teorainnluach a leagan síos do na comhdhúile cróimiam VI seo. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainnluach a bhunú do chomhdhúile cróimiam (VI) ar carcanaiginí iad de réir bhrí Threoir 2004/37/CE.

(13) Sásaíonn ocsaíd eitiléine na critéir lena cur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin í de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, is féidir teorainnluach a leagan síos don charcanaigin sin. Shainaithin an Coiste an fhéidearthacht go dtarlódh tógáil shuntasach tríd an gcraiceann i gcás ocsaíd eitiléine. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainnluach a bhunú d'ocsaíd eitiléine agus nodaireacht a shannadh di a léiríonn an fhéidearthacht go bhféadfadh tógáil shuntasach dheirmeach tarlú.

(14) Sásaíonn *o*-tolúidín na critéir lena chur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin é de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, is féidir teorainnluach a leagan síos don charcanaigin sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainnluach a bhunú do *o*-tolúidín agus nodaireacht a shannadh dó ina léireofar an fhéidearthacht maidir le tógáil shuntasach dheirmeach.

(15) Sásaíonn snáithíní ceirmeacha teasfhulangacha áirithe na critéir lena gcur in aicme charcanaigineach chatagóir 1B i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaiginí iad de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, is féidir teorainnluach a leagan síos do shnáithíní ceirmeacha teasfhulangacha ar carcanaiginí iad de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainnluach a bhunú do na snáithíní ceirmeacha teasfhulangacha sin.

(16) Sásaíonn bróiméitiléin na critéir lena cur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin í de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, is féidir teorainnluach a leagan síos don charcanaigin sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainnluach a bhunú do bhróiméitiléin.

(17) Sásaíonn hiodraisín na critéir lena chur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin é de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, is féidir teorainnluach a leagan síos do hiodraisín. Shainaithin an Coiste an fhéidearthacht go dtarlódh tógáil shuntasach tríd an gcraiceann i gcás na carcanaigine sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainnluach a bhunú do hiodraisín agus nodaireacht a shannadh dó ina léireofar an fhéidearthacht maidir le tógáil shuntasach dheirmeach.

(18) Neartaítear cosaint sláinte na n-oibrithe ina n-áit oibre leis an leasú seo.

(19) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair a bunaíodh le Cinneadh ón gComhairle an 22 Iúil 2003. Chomh maith leis sin, rinne sé comhairliúchán dhá chéim leis na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha i gcomhréir le hAirteagal 154 de CFAE.

(20) Tugtar aird chuí sa Treoir seo ar na cearta agus na prionsabail bhunúsacha atá cumhdaithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe in Airteagal 31(1) de.

(21) Déanfar athbhreithniú leanúnach ar na teorainnluachanna a bhunaítear sa Treoir seo i bhfianaise chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, go háirithe d'fhonn an idirghníomhaíocht idir teorainnluachanna a leagtar amach i dTreoir 2004/37/CE agus DNELanna (Leibhéil Dhíorthaithe gan Éifeacht) a dhíorthaítear do cheimiceáin ghuaiseacha faoin Rialachán sin a chur san áireamh.

(22) Ó tharla nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach go leordhóthanach, ar cuspóirí iad chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú agus sláinte oibrithe a chosaint ar na rioscaí sonracha a eascraíonn as an nochtadh do charcanaiginí, ach gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Dá réir sin, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar atá leagtha amach in Airteagal 5(4) de CAE, níl aon ní sa togra seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(23) Ó tharla gur le sláinte oibrithe ina n-ionad oibre a bhaineann an gníomh seo, ba chóir gur dhá bhliain a bheadh i spriocdháta an trasuite.

(24) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2004/37/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Treoir 2004/37/CE mar a leanas:

1. In Iarscríbhinn I, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'6. Obair lena mbaineann nochtadh do dheannach silice criostalta inanálaithe a ghintear trí phróiseas oibre'.

2. Déantar an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a chur in ionad Iarscríbhinn III.

*Airteagal 2*

1. Tabharfaidh na Ballstáit i bhfeidhm na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh tráth nach déanaí ná dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs fhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

"Iarscríbhinn III: Teorainnluachanna agus forálacha eile atá ábhartha go díreach (Airteagal 16)

A. TEORAINNLUACHANNA UM NOCHTADH AG AN OBAIR

| Uimh. CAS ([7]) | Uimh. CE ([8]) | AINM AN OIBREÁIN | TEORAINNLUACHANNA([9]) | | | Nodaireacht([10]) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | $mg/m^3$ ([11]) | csm ([12]) | f/ml([13]) | |
| – | – | Mionrabh crua-adhmaid | 3 ([14]) | – | – | – |
| – | – | Cumaisc de Chróimiam (VI) ar carcanaiginí iad de réir bhrí Airteagal 2 (a) (i) den Treoir<br>(mar Chróimiam) | 0,025 | – | – | – |
| – | – | Snáithíní Ceirmeacha Teasfhulangacha<br>ar carcanaiginí iad de réir bhrí Airteagal 2 (a) (i) den Treoir | – | – | 0,3 | – |
| – | – | Deannach Silice Criostalta Inanálaithe | 0,1 ([15]) | – | – | – |

7 Uimh CAS: Uimhir Chláraithe na Seirbhíse Achoimreachtaí Ceimiceán.

8 Is í an uimhir CE, i.e. EINECS, ELINCS nó NLP, uimhir oifigiúil na substainte laistigh den Aontas Eorpach, faoi mar atá sainmhínithe i roinn 1.1.1.2 in Iarscríbhinn VI, Cuid 1, de Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.

9 Arna dtomhas nó arna ríomh i dtaca le tréimhse thagartha ocht n-uaire an chloig.

10 D'fhéadfaí go gcuirfí go suntasach le hualach iomlán an choirp de bharr nochtadh deirmeach.

11 $mg/m3^3$ = milleagram sa mhéadar ciúbach d'aer ag 20°C agus 101,3 kPa (760 mm de bhrú mearcair).

12 csm = codanna sa mhilliún de réir toirt aeir ($ml/m^3$).

13 f/ml = snáithíní sa mhillilítear.

14 Codán in-ion-análaithe: má mheasctar deannaigh chrua-adhmaid le deannaigh adhmaid eile, beidh an teorainnluach infheidhme i dtaca le gach deannach adhmaid atá sa mheascán sin.

15 Codán inanálaithe.

| Uimh. CAS (7) | Uimh. CE (8) | AINM AN OIBREÁIN | TEORAINNLUACHANNA(9) | | | Nodaireacht(10) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | mg/m3 (11) | csm (12) | f/ml(13) | |
| 71-43-2 | 200-753-7 | Beinséin | 3,25 | 1 | – | Craiceann |
| 75-01-4 | 200-831-0 | Monaiméir clóiríde vinile | 2,6 | 1 | – | – |
| 75-21-8 | 200-849-9 | Ocsaíd eitiléine | 1,8 | 1 | – | Craiceann |
| 75-56-9 | 200-879-2 | 1,2-Eapocsaprópán | 2,4 | 1 | – | – |
| 79-06-1 | 201-173-7 | Aicriolaimíd | 0,1 | – | – | Craiceann |
| 79-46-9 | 201-209-1 | 2-Nitreaprópán | 18 | 5 | – | – |
| 95-53-4 | 202-429-0 | *o*-Tolúidín | 0,5 | 0,1 | – | Craiceann |
| 106-99-0 | 203-450-8 | 1,3-Bútaidhé-éin | 2,2 | 1 | – | – |
| 302-01-2 | 206-114-9 | Hiodraisín | 0,013 | 0,01 | – | Craiceann |
| 593-60-2 | 209-800-6 | Bróiméitiléin | 4,4 | 1 | – | – |

B. FORÁLACHA EILE ATÁ ÁBHARTHA GO DÍREACH

cm"